Coimisiún na Meán

# Plean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála 2026 - 2027

Dáta foilsithe:
Mí na Samhna 2025

## Plean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála Choimisiún na Meán 2026 - 2027

Ceanglaítear ar Choimisiún na Meán ("an Coimisiún"), mar an comhlacht atá freagrach as cúrsaí craolacháin agus meáin eile in Éirinn a rialáil faoin Acht Craolacháin 2009 arna leasú chun straitéis a ullmhú le haghaidh seirbhísí craolacháin a sholáthar in Éirinn. I *Straitéis um Seirbhísí Craolacháin* an Choimisiúin, tugtar breac-chuntas ar an gcur chuige atá aige i leith ceadúnú seirbhísí craolacháin sa Stát (chomh maith leis na seirbhísí a chuireann RTÉ agus TG4 ar fáil) agus agus tugtar breac-chuntas ar an bhfís atá ag an gCoimisiún an meascán is fearr seirbhísí a sholáthar.

De bhun a oibleagáide reachtúla pleananna a chur ar fáil maidir le líon, cineál agus raon feidhme na gconarthaí craolacháin a mbeartaíonn sé dul isteach iontu, cuireann an Coimisiún a plean ceadúnaithe raidió tráchtála ar an mbanda FM le haghaidh 2026 agus 2027 i láthair.

Tá na seirbhísí raidió náisiúnta, réigiúnacha agust áitiúla a áirítear leis an bplean liostaithe thíos.

| Réimse saincheadúnais | Cineál an Stáisiúin | Conraitheoir | Ainm an Stáisiúin | Dáta Éaga an Chonartha |
|---|---|---|---|---|
| Garnáisiúnta | Seirbhís náisiúnta cainte agus nuachta do gach duine fásta | Bauer Audio Ireland Limited ar son Bauer Audio Ireland Limited LP | Newstalk | 31/12/2026 |
| Náisiúnta | Seirbhís náisiúnta i bhformáid leathan do gach duine fásta | Bauer Audio Ireland Limited ar son Bauer Audio Ireland Limited LP | Today FM | 31/05/2027 |
| Réigiún an Iardheisceart - Contaetha Ciarraí, Luimnigh, agus an Chláir, Tiobraid Árann Thuaidh, agus Laois Thiar Theas | Seirbhís réigiúnach tiomanta ar cheol don aoisghrúpa 15 - 34 bliain d'aois | Bauer Audio Ireland Limited ar son Bauer Audio Ireland Limited LP | Spin South West | 28/06/2027 |
| Cathair agus Contae Luimnigh | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan do gach duine fásta | Treaty Radio Limited (mar chuid de Grúpa Onic) | Live 95FM | 24/10/2027 |